

CAIBIDIL 8: PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Príomhriachtanas sa phróiseas athbhreithnithe LAA is ea comhairliúchán a dhéanamh le scairsealbhóirí a thugann deis do páirtithe leasmhara agus saineolaithe sa réimse ionchur a dhéanamh sa phróiseas. Ar aon dul leis an bpróiseas sin rinneadh próiseas comhairliúcháin don athbhreithniú sin. Sa phróiseas comhairliúcháin rinne saineolaithe polasaí anailís atá clúdaithe i mír 8.1, agus aighneachtaí scríofa ó ghrúpaí tacadóirí a ndéileáiltear leo i mír 8.2.

8.1 Saineolaithe polasaí

Chun tuiscint an Ghrúpa Stiúrtha ar na saincheistanna timpeall cláir agus polasaí TIL a leathnú agus chun a mbreithniúcháin a chur níos mó ar an eolas tugadh cuireadh do thriúr saineolaithe polasaí ionchur a sholáthar don phróiseas. Ba iad Dr. John Sweeney ó CNES, Dr. Olivier Bargain ó OÉ Bhaile Átha Cliath agus an tOllamh Tim Callan na hITES na saineolaithe.

Chuir Dr. Sweeney forbhreathnú ar litríocht reatha ar fáil bainteach le tacaíochtaí ioncam leanaí agus an ról a bhí ag na tacaíochtaí sin cabhrú le costas leanaí a thógáil (athdháileadh cothrománach) agus bochtanas leanaí a laghdú (athdháileadh ingearach). Bunaithe ar thorthaí na taighde sin áitíodh gur chóir tosaíocht a thabhairt do ról TIL tabhairt faoi bhochtanas leanaí ar na forais go bhfuil cás morálta le déanamh deireadh a chur le bochtanas leanaí chomh maith le cás eacnamaíoch mar is féidir le hinfheistíochtaí a dhéantar i bhforbairt luath-óige torthaí thar chúrsa an tsaolré a éascú. Thug an Dr Sweeney faoi deara gur féidir srian a chur leis an tosaíocht pholaitiúil sannaithe chun deireadh a chur le bochtanas leanaí a bhaint amach leis an mhian ghinearálta um chomhréir uilíoch íocaíochtaí TIL a choinneáil.

Molann torthaí na litríochta freisin ag leibhéal áirithe ioncam teaghlaigh nach bhfuil feabhas suntasach ar fhorbairt linbh trí mhéaduithe breise ar an leibhéal sin ioncaim. Mar sin éiríonn an cheist cad eile atá ag teastáil chun leibhéal bhochtanas leanaí a laghdú. Tugann fianaise idirnáisiúnta aird ar an bhfíric cé go gceapann tíortha ar fad forbartha go bhfuil sé deacair bochtanas leanaí a laghdú, gan trácht ar bhochtanas leanaí a dhíothú, baineann roinnt stát go príomhúil iad sin lonnaithe sa Chríoch Lochlann rátaí níos ísle bochtanas leanaí amach. Go ginearálta cuireann na stáit sin a bhaineann rátaí ísle bochtanas leanaí amach cur chuige ilghnéithe agus leis sin sa bhreis ar TIL infheistíonn an stát freisin i soláthar seirbhísí bainteach le leanaí.

Cé go bhfuil ardleibhéal caiteachais ag Éirinn ar TIL tá rochtain ar sheirbhísí bainteach le leanaí lag go leor i dtéarmaí idirnáisiúnta agus tá leibhéil ard leanaí faoi riosca bochtanais. Do na teaghlaigh sin atá ar leibhéil ísle ioncaim tá rochtain acu ar sheirbhísí riachtanacha ach méadaíonn costais do sheirbhísí go mear de réir mar a thagann feabhas ar ioncam teaghlaigh. Ag leanúint ar aghaidh ón bhfianaise sin d'áitigh an Dr Sweeney gur chóir TIL a fheiceáil i dtéarmaí *cion tairbhe* a dhéanamh bochtanas leanaí a laghdú agus go bhfuil rochtain ar sheirbhísí cáilíochta riachtanach do theaghlaigh ar ísealioncam fad is a mbíonn siad ar ísealioncam. Sa bhreis air sin is é an chosaint is fearr i gcoinne bochtanas leanaí ná tuillimh thuismitheoirí agus tá íocaíochtaí leasa shóisialaigh aosaigh chomh tábhachtach le TIL maidir le tionchar a imirt ar 'ioncam leanaí'. Tháinig an Dr Sweeney ar an gconclúid ag tabhairt na comhairle bunúsaí seo a leanas maidir le tabhairt faoi bhochtanas leanaí: cuir cárta míochaine ar fáil do leanaí go léir; tógáil ar an scéim Luathchúram agus Oideachas Leanaí trí í a fadú siar bliain amháin; agus tabhairt isteach íocaíocht dara shraith do TIL.

Tharraing an Dr. Bargain ar a chuid oibre ar chostas linbh agus barainneacht mhórscálach. Don chéad uair eile sainithníodh ról polasaí TIL in athdháileadh cothrománach agus ingearach mar chúrsaí tábhachtacha le cur san áireamh. Ó thaobh dearcadh cothromas cothrománach de tá glactha leis go gciallaíonn cúnaimh do theaghlaigh ionramháil chomhionann ar bhonn cothrom. Tugann é sin aird ar úsáid bhairinneacht mhórscálach do mheastachán costas linbh. Mar sin féin d'fhéadfadh úsáid bhairinneacht mhórscálach a bheith neamhchruinn de bhrí go mbíonn éagsúlachtaí idir theaghlaigh. Moltar i dtaighde úrnua a bhaineann úsáid as teicníochtaí modheolaíochta bunaithe ar thomhaltas earraí ag daoine fásta i dteaghlaigh go bhféadfaí costas linbh a bheith éagsúil ó thimpeall 10% go níos mó ná 20% de chostas dhuine fásta. Mar sin féin is féidir leis an gcur chuige sin formheastachán a dhéanamh ar fhíorchostas linbh de bhrí nach bhfuil am tugtha do chúramleanaí curtha san áireamh sna ríomhaireachtaí. Is é an rud is fiú tabhairt faoi deara ná an toradh go méadaíonn costais leanaí de réir mar a theann duine suas an athdháileadh ioncaim.

Chuir an Dr Bargain scrúdú ar éifeacht polasaithe sochair ag an obair ar bhochtanas agus bochtanas leanaí mar shampla ar éifeachtacht ionstraimí athdháilte ingearaigh. Mhol a anailís go bhfuil FIT éifeachtach bochtanas a laghdú i measc an daonra oibre ní hamháin de bharr éifeacht athdháilte na híocaíochta ach freisin de bharr na héifeachta dreasachta i measc grúpaí áirithe faoi riosca ó bhochtanas go háirithe teaghlaigh aontuismitheora. Mar sin féin níl an íocaíocht ar fáil do gach duine ar ísealioncam agus ba chóir FIT a roinnt in eilimintí linbh agus neamhlinbh a chur san áireamh in argóintí cothromais agus éifeachtúlachta araon. Ba é an chomhairle a thug an Dr. Bargain mar chonclúid don Ghrúpa ná breithniú ar bhairinneacht mhórscálach i gcomhthéacs athdháileadh inteaghlaigh agus éifeacht mhéaduithe ar rátaí TIL ar phátrúin tomhaltais dhaoine fásta.

Thug an tOllamh Callen forbhreithniú ar fhorbairtí polasaí maidir le TIL. An phríomhcheist a sainaitníodh ná cérbh iad na bearta polasaí a choinneáil leanaí ó bhochtanas. Fad is gur ionstraim é TIL sonraithe ar leanaí tá ioncam tuistí cibé ó fhostaíocht nó leas sóisialach lárnach do bhochtanas leanaí a réiteach. Rinneadh tagairt do ról íocaíochtaí TIL maidir le cuspóirí athdháilte chothrománaigh agus ingearaigh araon. I dtéarmaí athdháileadh cothrománach bhí dhá ghné de TIL gur fiú a thabhairt faoi deara. ag roinnt costas leanbh a thógáil níos leithne idir na glúinte agus ag athdháileadh acmhainní agus ioncaim thar chúrsa an tsaoilré. Mar sin féin tá sé deacair éifeachtacht na ngnéithe sin d'íocaíochtaí TIL a thomhas. I gcodarsnacht tá sé i bhfad níos éasca cuspóirí athdháilte ingearaigh a thomhas mar is féidir leis an táscaire 'eolas a chur ar fáil ar cé chomh héifeachtach is atá na híocaíochtaí sa troid i gcoinne bochtanas leanaí.

Cé go bhfuil roinnt gearradh siar i TIL mar íocaíocht uilíoch níor chóir don íocaíocht dul rófhada i dtreo íocaíocht roghnach mar bheadh impleachtaí aige sin ar dhreasachtaí oibre. Ar an lámh eile tá impleachtaí macreacnamaíochta don chothromas idir SL agus MLC agus mar sin tá sé riachtanach ní hamháin an suíomh fioscach a chur san áireamh ach an suíomh fostaíochta agus leibhéil na n-íocaíochtaí sin á dheimhniú. Maidir leis na hionstraimí TIL eile tá fadhbanna ag baint le FIT fós go háirithe i dtéarmaí tógáil suas. Fad is atá taighde déanta sa réimse sin tá níos mó oibre ag teastáil chun méid na faidhbe a dheimhniú.

Maidir le conas is féidir TIL a leasú mhol an tOllamh Callen go dtabharfadh córas sochar leanaí inchánaithe agus comhtháite torthaí bochtanais leanaí feabhsaithe. Mar sin féin tá saincheisteanna teicníochta agus riaracháin a d'fhéadfadh bac a chur leis an bhforbairt sin cé gurbh fhéidir déileáil leo sin thar am. Ar an lámh eile, murar féidir a leithéid d'fhadhbanna a réiteach ansin d'fhéadfadh forlónadh sochar leanaí nó creidmheas cánach inaisíochta a mhalairt de réiteach a chur ar fáil.

Thug an tOllamh Callen conclúid le roinnt mholtaí ar conas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Cur chuige amháin ná meicníocht ilsrathach a úsáid a dhéanfadh gluaiseachtaí i bhfíorioncaim a rianadh chomh maith le hathruithe i mbochtanas comhleanúnach agus rátaí 'faoi riosca bochtanais' araon. Go háirithe b'ancaire maith fadtéarmach an táscaire 'faoi riosca bochtanais' chun forbairtí thar am a thomhas. Ach de bharr íogaireacht an táscaire sin d'athruithe in ioncam go ginearálta bhreiseodh meicníocht mhonatóireachta srathach an tuiscint ar éifeachtacht cur chuigí polasaí.

8.2 Comhairliúchán le grúpaí tacadóirí polasaí.

D'fhreagair cúig scairshealbhóir déag ó na comhpháirtithe sóisialta agus grúpaí pobail agus deonacha d'iarratas ar aighneachtaí scríofa ar na saincheisteanna leagtha amach sna Téarmaí Tagartha don athbhreithniú.¹⁴⁷ Sna haighneachtaí bhí doiciméid ghearra leathanach nó dhó go haighneachtaí cuimsitheacha 12 go 15 leathanach. Go ginearálta chuir scairshealbhóirí fáilte roimh an deis aighneacht a chur ar fáil agus bhí aitheantas ann gur am cuí é chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Tacaíochta Ioncam Leanaí. Áitíodh i roinnt aighneachtaí gur chóir go mbeadh an t-athbhreithniú leathan ina scóip agus éifeachtacht polasaí TIL laistigh de chomhthéacs polasaí níos leithne a chur san áireamh go háirithe ó pheirspictíocht tacaíochtaí ioncaim do dhaoine fásta agus seirbhísí do leanaí. Shainithin roinnt de na haghneachtaí freisin na prionsabail ar chóir TIL a bhunú lena n-áirítear an riachtanas tabhairt faoi bhochtanas leanaí agus ag an am céanna gan dearmad a dhéanamh go bhfuil gá le héifeachtúlacht acmhainne. Aithníodh freisin an riachtanas do chóras leasa shóisialaigh chothromais a thugann tús áite do leasa leanaí i roinnt aighneachtaí.

Réasúnaíocht do chaiteachas

Bhí comhaontas láidir sna haighneachtaí de thábhacht Sochar Leanaí mar íocaíocht uilíoch a chabhraíonn le costas leanaí a thógáil. Aithníodh tábhacht an phrionsabail chothromais cothrománaigh agus léirigh sé an luach a chuir sochaí na hÉireann ar leanaí agus an riachtanas do chúnamh an Stáit chun leanaí a thógáil. Dá bharr áitíodh gur chóir uilíocht na híocaíochta Sochar Leanaí a chothú. Bhí aitheantas ann freisin go raibh ról ag Sochar Leanaí in athdháileadh ingearach sé sin i mbochtanas leanaí a laghdú. Mar thoradh ar ilchuspóirí a bheith ann mhol aighneacht amháin go mbeidh sé deacair i gcónaí do TIL a chinntiú go gcomhlíonfar na cuspóirí sin go léir.

Sa bhreis air sin chonacthas nach raibh polasaí TIL a dhóthain ina cheart féin chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí agus léirigh roinnt aighneachtaí an tábhacht a bhain le tacaíochtaí ioncam daoine fásta mar chuid den réiteach chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Áitíodh go raibh córas cosanta sóisialta comhtháite riachtanach agus ba chóir é sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe.

¹⁴⁷ Is iad seo a leanas na grúpaí: Barnardos, Comhairle Náisiúnta na mBan, Open, Clann Amháin, INOU, Comhpháirtíocht Vincentian um Cheartas Sóisialta, Treoir, Cuimsiú Éireann, Comhaontas Cearta Leanaí, Curam, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Naomh Uinseann de Pól, Start Strong, Focus Ireland and Cónaidhm Fhostóirí agus Ghnó na hÉireann (BEC). Chuir Barnardos, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus Naomh Uinseann de Pól forlíoanta dá n-aighneachtaí mar bhaill de Comhghuaillíocht um Dheireadh a chur le Bochtanas Leanaí ar fáil.

Éifeachtúlacht chaiteachais

Ag déanamh trácht ar chomh éifeachtúil is a bhí a gcuid cuspóirí bainte amach ag cláir TIL, bhí an tuairim ann nach raibh na scéimeanna éifeachtach i dtabhairt faoi bhochtanas leanaí. Cé gur aithníodh buntáistí Sochar Leanaí mar íocaíocht uilíoch in aghneachtaí cuireadh teorainn ar éifeachtacht na híocaíochta tacaíocht a chur ar fáil do leanaí sna teaghlaigh is boichte de bhrí nár díríodh í ar theaghlaigh ar ísealioncam. Ar an lámh eile tugadh faoi deara in aighneacht amháin nach bhfuil aon chomhaontú ar an leibhéal costais bainteach le leanaí a thógáil ba chóir a shóisialú. Rinneadh trácht in aighneacht eile gur theip Sochar Leanaí idirdhealú a dhéanamh idir aois leanaí mar bhain costais éagsúla le grúpaí éagsúla. Sa deireadh thiar glaodh ar Shochar Leanaí a íoc do thuismitheoirí leanaí ag iarraidh tearmainne i gcúpla aighneachtaí ionas go dtabharfadh sé tacaíocht do leanaí go léir sa Stát.

Maidir le MLC bhí ábhair imní ann i roinnt aighneachtaí cé gur díríodh an íocaíocht sin ar na leanaí is boichte sa stát d'fhéadfadh sé a bheith ina dhídhreasacht oibre go háirithe dá mbeadh méadú san íocaíocht. Bhí ábhair imní ann freisin go gcaillfí an íocaíocht dá n-aistreadh an faighteoir ó leas sóisialach go dtí an obair agus ní raibh aon uathaistriú i gceist d'íocaíocht tacaíochta leanaí ag an obair ar nós an FIT. Dibhéirsíodh ar an leibhéal cuí íocaíochta do MLC in aighneachtaí. Iarradh i gceann amháin go méadófar an íocaíocht fad is gur iarradh cur chuige níos dúshlánaí i gceann eile seachas na rátaí íocaíochta amháin a mhéadú.

Sna haighneachtaí bhí cáineadh go ginearálta ar FIT ag tabhairt faoi deara gur íocaíocht choimpléascach agus trioblóideach é. Dá bharr bhí tógáil suas íseal aige ó fhaighteoirí poitéinsiúla agus dá réir ag laghdú a héifeachtachta a chuspóirí a chomhlíonadh. Féachadh ar an bpróiseas iarratais ina raibh ról ag an bhfostóir sa phróiseas iarratais mar bhac. Cáineadh eisiámh lucht féinfhostaithe freisin. Glaodh in aighneacht amháin ar an íocaíocht a dhéanamh níos solúbtha agus níos inoiriúnaithe do choinníollacha oibre daoine sna cúinsí eacnamaíochta reatha go háirithe i dtéarmaí an choinníolla faoin méid uaireanta a oibríodh. Áitíodh in aighneacht eile ar mhéaduithe níos flaithiúla do theaghlaigh beaga ar FIT agus ar na tairsigh tarraingt siar a laghdú. Glaodh san aighneacht sin freisin ar na tairsigh FIT a choigeartú chun cúiteamh a dhéanamh d'athruithe i ráta nó critéir cháilitheachta do Shochar Leanaí nó sa chóras cáin ioncain.

Sainithníodh i gcúpla aighneachtaí an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua mar thacaíocht úsáideach do chostas leanaí a thógáil. Mar sin féin tugadh faoi deara go raibh an scéim sin éifeachtach costais mhéadaithe in oideachas a chomhlíonadh agus glaodh sna haighneachtaí ar scéim cíosa leabhar a bhunú. Pléadh in aighneacht amháin ról an Forlionsa

Luathchúram Leanaí mar thacaíocht ioncam leanaí agus rinneadh trácht gur iarracht é a theip tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh le costas luathchúram agus seirbhísí oideachais. Cuireadh fáilte roimh an mBliain Scoile saor in aisce mar chéim dhearfach cé gur ceapadh go raibh teorainn lena héifeacht

Éifeachtacht cláir reatha a fheabhsú

Fuarthas amach éagsúlacht freagairtí ag breithniú ar na hathruithe gur féidir a dhéanamh do na cláir reatha chun feabhas a chur ar a n-éifeachtacht agus ar a n-éifeachtúlacht. Moladh in aighneacht amháin gur féidir leibhéal na híocaíochta a nascadh le hinnéacsanna áirithe mar atá leagtha amach in *I dTreo 2016*, a d'fhéadfaí a mhaolú de réir mar a tháinig feabhas ar na hinnéacsanna sin. Moladh in aighneacht eile córas riaracháin níos lárnaí agus níos uilíoch a chruthú. Chonacthas go raibh sé inmhianaithe in aighneacht eile leanaí agus a gcuid riachtanas a chur ag croílár na dtacaíochtaí. Bhí glaonna freisin do spriocthacaíochtaí níos fearr.

Pléadh i roinnt aighneachtaí leorgacht íocaíochtaí TIL agus leibhéal na tacaíochta go ginearálta. Bhí mian ghinearálta ann leibhéil reatha íocaíochta a chothú. Áitíodh in aighneacht amháin gur chóir rátaí Sochar Leanaí a athshuitiú ag leibhéal 2009 murar tugadh isteach leasuithe eile. Áitíodh in aighneacht eile i gcoinne moladh laghdaithe 20% ar Shochar Leanaí i dtuarascáil McCarthy. Glaoth ar fhorluach MLC a chothú in aighneacht eile tríd an íocaíocht chun cúiteamh a dhéanamh ar aon athruithe sa ráta nó critéir cháilitheachta do Shochar Leanaí nó íocaíochtaí eile leasa shóisialaigh a choigeartú. Ar an lámh eile iarradh athbhreithniú in aighneacht eile chun breithniú a dhéanamh ar cibé arbh fhéidir cláir chaiteachais TIL a leasú chun leibhéal níos fearr tacaíochta a chur ar fáil fad is ag cothú nó fiú ag soláthar sábháiltí don státchiste.

A mhalairt de chur chuigí polasaí nó eagraíochtúla

Bhí comhaontú ginearálta sna haighneachtaí faoin gceist ar a mhalairt de pholasaí nó cur chuigí eagraíochtúla gur príomhrogha leasaithe é íocaíocht shonraithe dara shraith ar chóir a bhreithniú go hiomlán. Leis sin is éard a bheadh i gceist ná FIT agus MLC a chónascadh in aon íocaíocht amháin do theaghlaigh go léir ar ísealioncam ar aon dul le moladh na CNES. D'íocfaí é sin ba chuma ar tháinig an t-ioncam ó leas sóisialaigh nó obair. Bheadh an beart nua sin comhuaineach leis an íocaíocht Sochar Leanaí. Ba chóir an íocaíocht nua a chur ar bun chun dreasacht a chur le fostaíocht agus deimhin a dhéanamh de nach gcrutheofar gaistí bochtanais.

Mar sin féin áitíodh in aighneacht amháin nach ndeimhneodh íocaíocht dara shraith a thabhairt isteach go mbeadh leanaí go léir i dteaghlaigh ísealioncam cosanta ó bhochtanas mar ní bheadh sé a dhóthain chun dul in ionad an ioncaim a thagann ó FIT mar atá sé struchtúrtha dóibh siúd ar ioncaim an-íseal. Dá bharr, d'fhéadfadh dídhreasachtaí fostaíochta a bheith mar thoradh ar íocaíocht dara shraith. Ina ionad, glaoth ar fhíorluachanna MLC, FIT agus rátaí leasa shóisialaigh dhaoine fásta a chothú agus an scéim FIT a bhreisiú san aighneacht sin. Tacar polasaí níos éifeachtúla ó thaobh costais de a bheadh ansin a dúradh san aighneacht deartha chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí.

Áiríodh i gcur chuigí eile molta in aighneachtaí ná na córais Leasa Shóisialaigh agus Cánach Ioncaim a indibhidiúlú go hiomlán a mbeadh comhtháiteach dhá chóras i gceist chun a chinntiú go gcuirfear tacaíocht suntasach shingil ar fáil do leanaí go léir go cothrom. Moladh córas Creidmheasanna Cúraim a dhearfaí chun feabhas suntasach a chur ar thorthaí bainteach le leanaí a thógáil in aighneacht eile.

Éifeacht níos leithne polasaí – seirbhísí a chur ar fáil

Bhí aitheantas ginearálta ann sna haighneachtaí nach raibh tacaíochtaí ioncam leanaí iontu féin a dhóthain chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí agus is éard atá ag teastáil ná feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí do leanaí agus teaghlaigh. Áitíodh in aighneacht amháin gur féidir é sin a dhéanamh trí cuid de chaiteachas TIL a athdhírú isteach i soláthar seirbhísí. Sainithníodh réimse croisheirbhísí le feabhsú. Áiríodh iontu sin tacaíochtaí cúramleanaí agus fostaíochta chun cabhrú le tuismitheoirí imeacht ó leas sóisialach agus isteach i bhfostaíocht.

Sainithníodh luathchúram agus oideachas luath-óige mar thacaíocht thábhachtach a chabhródh i bhforbairt agus leas leanaí. Sainithníodh tacaíochtaí sláinte agus tithíochta freisin ag imirt ról tábhachtach bochtanas leanaí a laghdú. Áiríodh i moltaí faoi na catagóir sin teidlíocht do chártaí míochaine a leathnú do theaghlaigh go léir le leanaí faoin aois 8 mbliana d'aois; coinneáil siar an chárta leighis dóibh siúd go léir ag cáiliú d'íocaíocht dara shraith is cuma faoi fhoinsé an ioncaim go dtí go mbeidh a leanaí 18 d'aois; agus teaghlaigh a aistriú atá ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos ó Fhorlónadh Cíosa go Scéim um Chóiríocht ar Cíos tar éis sé mhí in ionad bliain amháin.

Forbhreithniú

Tugadh faoi shaincheisteanna leagtha amach sna Téarmaí Tagartha don athbhreithniú go ginearálta sna haighneachtaí fad is gur léiríodh ábhair inmí agus leasa scairshealbhóirí a n-

eagraíochtaí féin. Glacadh leis go ginearálta sna haighneachtaí go raibh dhá phríomhchuspóir i bpolasaithe TIL: ag rannchuidiú le costas leanaí a thógáil agus ag cabhrú le bochtanas leanaí a laghdú. Fad is gur aontaíodh sna haighneachtaí gur chóir an ghné íocaíochta uilíoch de Sochar Leanaí a chothú bhí tuairimí éagsúla ann maidir leis an leibhéal cuí íocaíochta ba chóir a bheith ann do leanaí nó comhréir na n-íocaíochtaí TIL ba chóir a chur chuig an ionstraim íocaíochta uilíoch. Aontaíodh freisin sna haighneachtaí nach raibh íocaíochtaí TIL mar a bhí siad struchtúrtha faoi láthair éifeachtach chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí. Sainaithníodh fadhbanna i roinnt aighneachtaí leis an gcóras reatha go háirithe maidir le FIT. Mar sin féin, seachas fadhbanna áirithe a shainaithint gur chóir a réiteach ní dheachaigh aighneachtaí go ginearálta chomh fada le moltaí comhtháite a chur ar fáil maidir le conas a d'fhéadfaí cláir reatha a athrú chun feabhas a chur ar a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht.

Maidir le moltaí dá mhalairt de chur chuigí polasaí bhí tacaíocht shuntasach ann íocaíocht dara shraith shonraithe a fhorbairt cé gur imíodh in aighneacht amháin ó chomhdhearcaidh tuairime ar an gcur chuige sin ag áiteamh struchtúir agus cláir reatha a fheabhsú. Breithníodh sna haighneachtaí freisin ar éifeacht níos leithne polasaithe TIL don tsochaí agus bhí aontú ginearálta ann go raibh sé riachtanach feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí dá mba rud é go bhféadfaí tabhairt faoi bhochtanas leanaí go héifeachtach. Ar an lámh eile níor breithníodh i mórán de na haighneachtaí conas ba chóir acmhainní reatha a dháileadh chun na seirbhísí sin a sholáthar. Ar an iomlán tagann na saincheisteanna a sainaithníodh sna doiciméid aighneachta leis na saincheisteanna a ndéileáladh leo san athbhreithniú.

8.3 Achoimre

Tugann an chaibidil seo forbhreathnú ar na torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin. Tá sé soiléir ón bpróiseas seo go bhfuil polasaí láidir agus tacaíocht scairshealbhóirí ann do leanúint ar aghaidh le caiteachas ar thacaíochtaí ioncam leanaí. Glacadh go ginearálta freisin le tábhacht prionsabal cothromais cothrománmaigh cabhrú le teaghlaigh um leanaí a thógáil. Sa bhreis air sin aontaíodh go ginearálta nach raibh scéimeanna tacaíochta ioncam leanaí chomh héifeachtach maidir le bochtanas leanaí a laghdú is a d'fhéadfadh siad a bheith. Sainaithníodh réimse leasuithe chun feabhas a chur ar thorthaí bochtanas leanaí ó leasuithe struchtúrtha cláir reatha go dtí a mhalairt de chur chuigí mar an íocaíocht tacaíochta leanaí dara shraith nó cáin a ghearradh ar shochar leanaí. Sa deireadh thiar ba theachtaireacht chomónta é an riachtanas feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí do leanaí agus teaghlaigh mar mhodh chun tabhairt faoi bhochtanas leanaí a bhí le feiceáil sna haighneachtaí scríofa agus ó na grúpaí tacadóirí polasaí araon agus ó thuairimí agus anailís ó na saineolaithe polasaí.